

# An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach

## Plean Straitéiseach 2017 › 2022

Do chomhpháirtí oideachais agus nuálaíochta don saol





# Clár na nÁbhar

**Ráiteas Misin** **4**

**Nóta an Uachtaráin** **6**

**Teachtaireacht an Chathaoirligh** **8**

**Ár gCultúr agus ár nAidhmeanna** **12**

**IT, Sligeach 2017 › 2022** **14**

**Ár gCuspóirí** **16**

**1.** Ár Mic Léinn 18

**2.** Foghlaim agus Teagasc 20

**3.** Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht 22

**4.** Comhpháirtíocht agus Rannpháirtíocht Sheachtrach 24

**5.** Forbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha a Mhúnlú agus Dul i bhFeidhm uirthi 26

**6.** Eagrúchán agus Rialachas 28



# Ráiteas Misin

Inbhuanaitheacht gheilleagrach, shóisialta agus timpeallachta a chur chun cinn trí oideachas, trí nuálaíocht agus trí rannpháirtíocht, as a dtagann céimithe nuálacha, muiníneacha atá in ann forbairt an réigiúin agus níos faide i gcéin a stiúradh.





# Nóta an Uachtaráin



## Is é fás an bhunsprioc inghnóthaithe do IT, Sligeach agus an Institiúid á forbairt againn as seo go ceann cúig bliana, i dtreo 2022.

Príomhsprioc don Institiúid ná líon na mac léinn a dhúbailt ón leibhéal reatha de 6,000 go dtí 10,000. Is sprioc uaillmhianach í ach is féidir linn an chloch mhíle thábhachtach seo a bhaint amach le chéile.

Gluaisfidh IT, Sligeach go muiníneach i dtreo stádas Ollscoile Teicneolaíochta a bhaint amach. Tabharfaidh stádas Ollscoile Teicneolaíochta deiseanna nua, spreagúla dár réigiún agus dár bpobail, chomh maith le hardán don chéad ghlúin eile ar a mbeidh siad in ann todhchaí níos fearr a thógáil.

Déanaimid ár ndícheall i gcónaí tacú le agus feabhas a chur ar rochtain ar ardoideachas agus oideachas iontach a sholáthar laistigh de. Agus na spriocanna sa phlean straitéiseach cúig bliana seo á mbaint amach againn, tabharfaimid IT, Sligeach go dtí an chéad leibhéal eile, a chinnteoidh fás inbhuanaithe agus todhchaí bhríomhar do na páirtithe leasmhara ar fad; mic léinn, an fhoireann agus na pobail ina gcónaímid agus a ndéanaimid freastal orthu ina measc.

**Brendan McCormack, PhD**
**Uachtarán, IT, Sligeach**





# Teachtaireacht an Chathaoirligh



## Tá taithí fhairsing ag IT, Sligeach ar rannpháirtíocht le mic léinn, le scoileanna, le coláistí breisoideachais, le gníomhaireachtaí stáit agus le fostóirí ar fud an réigiúin.

Comhlíonann an Instituúid go leor beartas agus straitéisí náisiúnta; tírdhreach ardoideachas na hÉireann amach anseo a chruthú, rochtain ar oideachas a mhéadú, oideachas idirnáisiúnta a fhás, agus na cuspóirí a bhaineann le nuálaíocht agus le fiontraíocht, le cruthú post agus le forbairt réigiúnach a bhaint amach. Tá cáil náisiúnta ar an Instituúid as cur le scileanna an lucht saothair trína cláir foghlama ar líne/chumaisc.

Is í fís an Bhoird Rialaithe ná go mbeadh an Instituúid ina gcomhpháirtí um oideachas fad saoil agus um nuálaíocht d'fhoghlaimeoirí. Chun an fhís seo a bhaint amach, agus chun tacú le hinmharthanacht fhadtréimhseach eacnamaíoch an réigiúin, shocraigh an Bord Rialaithe gur chóir don Instituúid obair le hinstitiúidí ardoideachais eile chun athainmniú um Ollscoil Teicneolaíochta d'iarthuaisceart na hÉireann a bhaint amach.

Leagann an plean straitéiseach seo cuspóirí agus spriocanna feidhmíochta uaillmhianacha amach. Beidh IT, Sligeach níos éifeachtaí ó thaobh freastal ar riachtanais oideachasúla, gheilleagracha agus chultúrtha an réigiúin de má bhainfear na cuspóirí agus na spriocanna seo amach.  I rith shaolré an phlean straitéisigh seo, méadóidh an Instituúid líon na mac léinn agus líon na gcéimithe bliantúla go mór. Cuirfidh sé seo an tallann atá ag teastáil chun tacú le fás geilleagrach réigiúnach ar fáil.

Tá an bord rialaithe ag tnúth le bheith ag obair i gcomhpáirt le mic léinn, leis an bhfoireann, le bainistíocht agus le páirtithe leasmhara seachtracha i gcur i bhfeidhm an phlean straitéisigh seo.

**Niall O'Donnellan**
**Cathaoirleach, An Bord Rialaithe, IT, Sligeach**





# Cuirfimid timpeallacht foghlama ar fáil dár mic léinn a bheidh athraithe ó bhonn le cuidiú na teicneolaíochta.



# Ár gCultúr agus ár nAidhmeanna.

In IT, Sligeach:



## Cuirimid

oideachas ar mhic léinn chun a lánchumas a bhaint amach



## Tacaímid

le meas, le comhionannas, le cuimsiú agus le héagsúlacht



## Creidimid

gur chóir go mbeadh teacht ag gach duine ar ardoideachas atá maoinithe go poiblí



## Tá meas

againn ar na mic léinn, ar an bhfoireann, ar an bpobal agus ar an timpeallacht



## Treoraímid

ach bheith uaillmhianach, nuálach agus cuntasach




## Cuirimid

iompraíocht eiticiúil agus fhreagrach chun cinn



## Freagraímid

go réamhghníomhach do dhúshláin gheilleagracha agus shochaíocha



## Comhoib -rímid

chun ár ngeilleagar, ár sochaí agus ár dtimpeallacht a fheabhsú

# IT, Sligeach
# 2017 › 2022

## Líon Mac Léinn

**2017 › 6,000**

**2022 › 10,000**



## Cóimheas idir Mic Léinn Lánaimseartha agus Mic Léinn ar Líne

**2017 › 62:38**

**2022 › 42:58**



## Baill Foirne atá Inniúil agus Oilte ar Sheachadadh ar Líne

**2017 › 70%**

**2022 › 90%**



## Líon Mac Léinn Taighde

**2017 › 73**

**2022 › 200**

## Céimithe (sa Bhliain)

2017 › 1,546

2022 › 3,000

## Stádas Ollscoile Teicneolaíochta

2017 › Céim 2 idir lámha

2022 › Athainmniú iomlán mar Ollscoil Teicneolaíochta

## Socrúcháin Oibre

2017 › Ar roinnt clár ar Leibhéal 8

2022 › Ar na cláir nua ar fad ar Leibhéal 8

## Coinneáil Mac Léinn

2017 › 77%

2022 › 82%

## Cothromaíocht Inscne na Bainistíochta

2017 › 27% Mná
73% Fir

2022 › 40% ar a laghad den dá inscne

## Comhionannas & Éagsúlacht

2017 › Glacadh le Cairt Athena Swan

2022 › Gradam Cré-umha Athena Swan

## Tacaíocht do Ghnólachtaí Nuathionscanta

2017 › 40

2022 › 125

## Gréasán na gCéimithe

2017 › 320 ar an mbunachar sonraí

2022 › 10,000 ar an mbunachar sonraí





# Ár gCuspóirí do na Réimsí seo a leanas:

**1.**

## Ár Mic Léinn:

An cumas a fhorbairt le bheith in ann a mbealach a dhéanamh i ndomhan casta amach anseo

**2.**

## Foghlaim agus Teagasc:

Tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne ar fad. Ceannaireacht i bhfoghlaim le cuidiú teicneolaíochta a choinneáil agus a neartú

**3.**

## Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht:

Níos mó mic léinn agus baill foirne a chumasú chun taighde a dhéanamh. Aitheantas idirnáisiúnta a fháil i réimsí ríthábhachtacha taighde

**4.**

## Comhpháirtíocht & Rannpháirtíocht Sheachtrach:

Comhpháirtíochtaí níos láidre a thógáil le scoileanna dara leibhéal/le Boird Oideachais agus Oiliúna, le fostóirí agus leis an bpobal

**5.**

## Forbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha a Mhúnlú agus Dul i bhFeidhm uirthi:

Próifíl an phobail réigiúnaigh ó thaobh cáilíochtaí oideachais de a ardú. Tacú le fiontraíocht shóisialta, le gnólachtaí nua-thionscanta agus le forbairt sa réigiún

**6.**

## Eagrúchán & Rialachas:

Leanúint ar aghaidh ag soláthar rialachas láidir, freagrachta agus próisis chuí

# 1. Ár Mic Léinn

**Tiocfaidh mic léinn go IT, Sligeach le haghaidh timpeallacht ardchaighdeáin foghlama agus mar go dtacaítear leo bheith rathúil ina gcuid foghlama. Cuirfidh an méadú ar líon na mac léinn ar an gcampas agus lasmuigh den champas áit foghlama atá ilghnéitheach go sóisialta agus go cultúrtha ar fáil.**







# Cuspóirí

## A gcumas a fhorbairt le bheith in ann a mbealach a dhéanamh i ndomhan casta amach anseo

Forbróidh mic léinn an cumas le bheith in ann a mbealach a dhéanamh i ndomhan casta amach anseo trí shocrúcháin chuí oibre agus trí eispéiris idirnáisiúnta, agus le samhlacha foghlama agus seachadta agus le gairmthreoir éifeachtach a fhorbraíonn féinéifeachtúlacht. Cinnteoidh na torthaí foghlama go bhfuil inniúlachtaí inaistrithe ag céimithe; cruthaitheacht, obair bhuíne, inoiriúnaitheacht, cumarsáid, réiteach fadhbanna, anailís chriticiúil, fiontraíocht agus foghlaim ábhartha san ionad oibre ina measc.

## Cuimsiú agus rannpháirtíocht a chothú do gach mac léinn

Tabharfaimid an t-eispéireas iomlán is fearr do mhic léinn. Feabhsófar tacaíochtaí agus cuirfear an t-eispéireas ar an gcampas agus eispéireas an iarthuaiscirt chun cinn trí cheol, trí spórt agus trí ghníomhaíochtaí sóisialta eile.

## Tacú le mic léinn chun a lánchumas a bhaint amach

Cultúr a bhaineann le bheith rathúil le chéile a chothú ach féinéifeachtúlacht mac léinn a fhorbairt agus ach gaisce a aithint mar phríomhchuspóir. Feabhsófar rátaí críochnúcháin na gclár ach níos mó tacaíochta feabhsaithe acadúla a chur ar fáil do mhic léinn. Cuirfear beartais, nósanna imeachta agus nuacht is déanaí na hinstitiúide in iúl do mhic léinn i bhformáidí inrochtana


## Bheith mar chuid de phobal mac léinn atá níos mó agus níos ilghnéithí (sprioc 10,000)

Forbróidh an Institiúid córais chun tuiscint níos fearr a fháil ar réimse próifílí na mac léinn, i bhfianaise a gcúlraí difriúla sóisialta agus cultúrtha. Déanfar anailís ar bhunúis agus ar dhúshláin phearsanta na mac léinn agus díreofar ar thionscnaimh mhargaíochta chun an chaoi a bhfuil IT, Sligeach in ann freastal ar a riachtanais aonair a thaispeáint dóibh. Cuirfear comhionannas chun cinn i measc na mac léinn. Tacóidh ár mbeartas idirnáisiúnta le héagsúlacht chultúir ar an gcampas agus cuirfidh sé deiseanna d'eispéireas thar lear ar fáil do mhic léinn. Cuirfear conairí fostaíochta, gairme agus foghlama in iúl go soiléir.

> **"Forbróidh mic léinn an cumas le bheith in ann a mbealach a dhéanamh i ndomhan casta amach anseo trí shocrúcháin chuí oibre agus trí eispéiris idirnáisiúnta."**

# 2. Foghlaim agus Teagasc

**Tá sé riachtanach foireann acadúil agus neamhacadúil atá dea-cháilithe agus gairmiúil a bheith ann. Tacóimid le forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne chun caighdeán ár dteagaisc agus ár bhfoghlama i modhanna éagsúla seachadta a chinntiú. Beidh ár gcláir go hiomlán creidiúnaithe agus bainteach le riachtanais na bhfostóirí. Athbhreithneofar agus nuashonrófar go rialta iad. Déanfar cothabháil ar bhonneagar ag an leibhéal is airde chun an caighdeán oideachais a mbítear ag súil leis ón bhfoghlaimeoir nua-aimseartha a sholáthar.**





# Cuspóirí

## Tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne ar fad

Díreoidh oiliúint agus forbairt ar sholáthar éifeachtach na gclár do gach catagóir na mac léinn. Bainfear é seo amach trí obair an Ionaid um Fheabhsú Foghlama agus Teagaisc. Cuirfear na spriocanna forbartha foirne atá sa Straitéis Foghlama, Teagaisc agus Mheasúnaithe reatha (2015-2018) i gcrích.

## Ceannaireacht i bhfoghlaim le cuidiú teicneolaíochta a choinneáil agus a neartú

Tá sprioc uaillmhianach ag an Institiúid chun mic léinn ar líne a mhéadú ó 2,000 mac léinn (in 2017) go dtí níos mó ná 5,500 mac léinn faoin mbliain 2022. Tá mórathrú ar na córais agus ar na próisis reatha ag teastáil le haghaidh earcaíocht agus oideachas na mac léinn ar líne chun an sprioc seo a bhaint amach. Beidh an fhoireann ullmhaithe go maith in oideolaíocht ar líne agus cuirfear dea-chleachtas i bhfeidhm ar dhearadh, ar sheachadadh, ar mheasúnú agus ar acmhainní a chur ar fáil ar fud na gclár sa rang agus ar líne.

## Leanúint ar aghaidh ag forbairt cur chuige straitéiseach i leith pleanáil acadúil

Tá an Institiúid tiomanta do chláir a chur ar fáil, ó phrintíseacht cheirde go dochtúireacht, ach an modh seachadta is cuí a úsáid. De dhlúth agus d'inneach i ndearadh gach cláir, beidh croíghnéithe (gnéithe coitianta) foghlama i gcláir ar fud na ndisciplíní, atá ina bhfoghlaim riachtanach do chéimí ar bith. Cuirfear béim ar mhic léinn a réiteach le haghaidh fostaíochta.

## Timpeallacht nuálach, spreagúil foghlama agus teagaisc a chruthú

Forbrófar an Institiúid go leanúnach chun seomraí ranga, saotharlanna agus ceardlanna úrscothacha a chur ar fáil. Déanfar gach iarracht 'spásanna cruthaitheacha' agus 'spásanna comhrá' a chur ar fáil a éascaíonn obair bhuíne/tionscadail idirdhisciplíneacha don fhoireann agus do mhic léinn.

## Stádas forais cáiliúcháin a bhaint amach ach Údarás Tarmligthe a choinneáil

Leanfaimid orainn ag cinntiú go n-aithneofar gach clár go náisiúnta ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Méadóimid leibhéal an chreidiúnaithe phroifisiúnta agus reachtúil le cinntiú go bhfuil cláir ábhartha, reatha agus go gcinnteoidh siad 'dul chun cinn feabhsaithe agus inmhianaithe'. Coinneofar an fócas seo nuair a bhainfear stádas an fhorais cháiliúcháin amach ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann.

> **"Bheith rathúil le chéile ach cultúr féinéifeachtúlachta agus gaisce a chothú i measc na mac léinn."**

# 3. Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht

**Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Institiúid ó thaobh bonn láidir taighde a fhorbairt. Déanann an fhoireann, a bhíonn ag méadú i gcónaí, taighde ina lán réimsí éagsúla. Chun an cuspóir uaillmhianach maidir le bheith inár n-ollscoil teicneolaíochta a bhaint amach, caithfimid tacú le gníomhaíochtaí dá leithéid. Caithfimid ár dtacaíocht taighde agus forbartha don tionsclaíocht a mhéadú agus bheith níos gníomhaí fós le fostóirí agus le comhlachtaí earnála. Tá sé ríthábhachtach nuálaíocht agus fiontraíocht a chothú i measc na mac léinn don chéad ghlúin eile de chomhlachtaí nua.**







# Cuspóirí

## Níos mó mic léinn agus baill foirne a chumasú chun taighde a dhéanamh

Méadóidh an Institiúid leibhéal na dtacaíochtaí bonneagair ó thaobh taighde, forbairt agus nuálaíochta (TFN) de do mhic léinn agus don fhoireann. Beidh ardú ar líon na foirne agus na mac léinn atá gníomhach i dtaighde ar fud gach leibhéil mar gheall ar na tacaíochtaí nua agus méadóidh sé sin líon agus tionchar na n-aschur TFN.

## Aitheantas idirnáisiúnta a fháil i réimsí ríthábhachtacha taighde

Tá trí Ionad Taighde Straitéisigh (SRCanna) ag an Institiúid, in Eolaíocht an Chomhshaoil, i nDéantúsaíocht agus in Ábhair Bheacht-innealtóireachta agus i nGairmeacha Sóisialta. Ina theannta sin, tá cúig Ghrúpa Taighde aitheanta aici. Tacóidh an Institiúid lena hionaid agus lena grúpaí taighde chun cáil láidir idirnáisiúnta a thógáil, arna léiriú i bhfoilseacháin agus i gcomhoibriú idirnáisiúnta, i bpríomhréimsí taighde.

## Tallann cruthaitheach a chur i bhfeidhm chun réitigh nuálacha dhearaidh a fhorbairt agus chun TFN conraithe agus feidhmeach a mhéadú

Agus í ina hollscoil teicneolaíochta, fásfaidh an Institiúid agus méadóidh sí leibhéal na dtacaíochtaí TFN a sholáthraíonn sí d'earnáil na tionsclaíochta.  Go hiondúil bíonn réiteach fadhbanna, níos mó ball foirne a spreagadh le dul i mbun taighde agus tionscadal comhlachta, oiliúint agus oideachas i gceist leis na tacaíochtaí seo.

## TFN na hInstitiúide a chur chun cinn i measc páirtithe leasmhara agus gaiscí na hInstitiúide a mhargú

Tá sé tábhachtach go gcuirfear an pobal, an pobal acadúil, gníomhareachtaí stáit agus fostóirí ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí TFN na hInstitiúide. Cuirfear fostaíocht i dtaighde agus i bhforbairt chun cinn mar chonair ghairme do chéimithe, d'fhonn deiseanna fostaíochta a chruthú agus TFN nua a spreagadh i measc gnólachtaí nua-thionscanta sa réigiún.

> **"Tacófar le fiontair réigiúnacha bheaga agus mheánmhéide go réamhghníomhach ach ionad ilfhreastail/ionad forbartha a sholáthar do tháirgiúlacht agus do nuálaíocht."**

# 4. Comhpháirtíocht & Rannpháirtíocht Sheachtrach

Is iad coláistí dara leibhéal/ breisoideachais, oideoirí, fostóirí, an pobal agus céimithe na príomhpháirtithe leasmhara do rannpháirtíocht sheachtrach. Tá gach ceann díobh tábhachtach don Institiúid - le mic léinn nua a sholáthar agus le bheith ina gcomhairleoirí ó thaobh forbairt an churaclaim agus na punainne acadúla de. Sna blianta beaga atá amach romhainn, tógfaidh an Institiúid ar a caidrimh reatha leis na páirtithe leasmhara seo le go n-aithneofar go forleathan í mar eintiteas gníomhach sa réigiún, a thacaíonn le hoideachas, le fostaíocht agus le pobail mharthanacha.





# Cuspóirí

## Comhpháirtíochtaí láidre a thógáil le scoileanna/le Boird Oideachais agus Oiliúna

I mbeagán focal, cuirfidh an Institiúid deiseanna níos fearr ar fáil ó thaobh 'oideachas comhtháite' agus oideachas athdheise ó Leibhéal 5 go dtí Leibhéal 10 agus feabhsóidh sí an tuiscint atá ag múinteoirí gairmthreorach ar na cláir atá ar fáil ag Leibhéal 6 go dtí Leibhéal 8.

## Comhpháirtíochtaí níos láidre a thógáil le Fostóirí

Oibreoidh ár nInstitiúid le fostóirí chun a riachtanais a aithint, rud a fhorbróidh agus a sholáthróidh oideachas feidhmiúcháin/saincheaptha ar fud gach leibhéil le freagairt do riachtanais na bpríomhfhostóirí réigiúnacha. Oibreoidh an Institiúid go dlúth leis an bpobal cruthaitheach agus cultúrtha chun tacú leis seo mar earnáil inmharthana. Tacófar le fiontair réigiúnacha bheaga agus mheánmhéide go réamhghníomhach ach ionad ilfhreastail/ionad forbartha a sholáthar do tháirgiúlacht agus do nuálaíocht an ghnó réigiúnaigh.

## Comhpháirtíochtaí níos láidre a thógáil leis an bPobal

Tá rannpháirtíocht leis an bpobal níos leithne tábhachtach chun ábharthacht na hInstitiúide mar an bpríomhsholáthraí ardoideachais sa réigiún a choinneáil. Tacóidh an Institiúid le rialtas áitiúil, neamhbhrabúis agus le pobail eile a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí oideachais, nuálaíochta agus rannpháirtíochta

## Comhpháirtíochtaí níos láidre a thógáil le Céimithe

Tá 20,000 céimí againn ag obair ar fud na cruinne. Is acmhainn ollmhór í seo nach bhfuil leas á baint aisti. Go hiondúil bíonn céimithe an-toilteanach tacú le hobair na hInstitiúide nuair a iarrtar orthu, d'aoiléachtaí, do shocrúcháin mhac léinn nó do chomhairle ar threoracha nua. Forbróidh an Institiúid gréasáin chéimithe agus bainfidh sí leas astu ar mhaithe leis na mic léinn atá ann agus leis an réigiún.

> "I mbeagán focal, cuirfidh an Institiúid deiseanna níos fearr ar fáil ó thaobh 'oideachas comhtháite' agus oideachas athdheise."

# 5. Forbairt Gheilleagrach, Shóisialta agus Chultúrtha a Mhúnlú agus Dul i bhFeidhm uirthi

**Chun tionchar dearfach a bheith aici ar fhás geilleagrach agus sóisialta réigiúin an tuaiscirt agus an iarthair, beidh an Institiúid níos gníomhaí i ndíospóireachtaí náisiúnta agus i bhforbairt beartais. Chun uaillmhian na hInstitiúide le bheith ina hOllscoil Teicneolaíochta a bhaint amach, tá gá le comhoibriú gníomhach le hinstitiúidí ardoideachais eile.**





# Cuspóirí

## Cur le beartais náisiúnta agus réigiúnacha na bpáirtithe leasmhara

Beidh bainistíocht agus foireann na hInstitiúide níos gníomhaí i bhforbairt na mbeartas agus na bpleananna réigiúnacha agus náisiúnta, lasmuigh den sainchúram práinneach oideachasúil. Aithneofar an Institiúid agus éistfear léi mar rannpháirtí gníomhach i bhforbairtí dá leithéid. Reáchtálfar cruinnithe ar cheisteanna a bhfuil spéis agus imní náisiúnta agus idirnáisiúnta iontu agus pléifear na ceisteanna seo go hoscailte san Institiúid.

## Tacú le fiontraíocht shóisialta, le gnólachtaí nua-thionscanta agus le forbairt sa réigiún agus iad a chur chun cinn

Chomh maith le cáilíocht atá dírithe ar dhisciplíní a fháil, tá sé tábhachtach go bhfuil taithí ag céimithe ar fhiontraíocht. Má táimid ag brath ar na céimithe seo le bheith mar an gcéad ghlúin eile de chruthaitheoirí gnó sa réigiún, caithfear iad a ullmhú go maith. Cruthóidh an Institiúid cultúr fiontraíochta i measc na mac léinn. Oibreoidh an fhoireann le mic léinn chun plé le fostóirí agus leis an bpobal ar thionscadail dheonacha agus phroifisiúnta.

## Rannpháirtíocht níos fearr idir gníomhaireachtaí agus comhlachtaí earnála poiblí a chumasú

Aithnítear Éire mar thír ag a bhfuil struchtúr maith tacaíochta do ghnólachtaí nua-thionscanta agus chun gnólachtaí atá ann a fhorbairt, comhlachtaí a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach eachtrach san áireamh. Tá caidrimh oibre ag an Institiúid le heagraíochtaí fostóirí agus le gníomhaireachtaí stáit i réimse an oideachais agus i réimse na forbartha geilleagraí. Forbrófar na caidrimh seo a thuilleadh le go mbeidh fostóirí agus gníomhaireachtaí stáit eolach ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Institiúid, agus le gurb í an Institiúid an phríomháit do na seirbhísí seo sa réigiún.

> "Buailfidh an pobal le chéile san Institiúid chun ceisteanna a bhfuil spéis náisiúnta agus idirnáisiúnta iontu a phlé."

# 6. Eagrúchán & Rialachas

**Tá sé tábhachtach go gcothódh an Institiúid dea-chaidreamh leis an Údarás um Ard-Oideachas agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, go háirithe agus plean uaillmhianach aici i dtaca le líon na mac léinn a mhéadú agus bheith ina hollscoil teicneolaíochta. Leanfaidh an Institiúid ar aghaidh ag soláthar na n-acmhainní a fhreastalaíonn ar riachtanais na foirne agus na mac léinn. Bunriachtanas a bhaineann leis seo ná a chinntiú go bhfuil mic léinn, baill foirne agus páirtithe leasmhara seachtracha eolach ar na huaillmhianta seo agus go gcoinnítear ar an eolas iad maidir le forbairtí.**







# Cuspóirí

## Gníomhartha an phlean a chur i bhfeidhm

Beidh ar an Institiúid pleanáil do sholáthar na foirne, na n-áiseanna agus na struchtúr le go mbeidh 10,000 mac léinn inti i gceann 5 bliana. Ar an gcaoi chéanna, níor mhór acmhainní a sholáthar chun critéir na hOllscoile Teicneolaíochta a bhaint amach agus chun tógáil orthu. Chuige sin, beidh gá le struchtúr eagraíochta nua agus le plean airgeadais chun na hacmhainní riachtanacha a sholáthar go tráthúil.

## Campas glas a fhorbairt a sholáthraíonn timpeallacht nuálach, spreagúil foghlama agus teagaisc

Aithnítear campas IT, Sligeach go náisiúnta mar shaoráid den chéad scoth. Sna blianta beaga atá amach romhainn, forbróidh an Institiúid an campas ina shaoráid níos glaise. Cuirfear coincheap an 'ghlais' isteach sa chroíchuraclam.

## Comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn agus soláthar d'fholláine na foirne agus do chothromaíocht oibre is saoil

Mar chuid den chlár forbartha gairmiúla don fhoireann acadúil agus neamhacadúil, cuirfear topaicí ar chomhionannas, ar éagsúlacht agus ar cháilíocht na beatha ag an obair san áireamh. Cuirfidh an institiúid isteach ar stádas cré-umha Athena Swan, agus cultúr comhionannais agus éagsúlachta á fhorbairt aici.

## Leanúint ar aghaidh ag soláthar rialachas láidir, freagrachta agus próisis chuí

Leanfaidh an institiúid ar aghaidh agus í ina heagraíochta arna maoiniú go poiblí agus a dhíríonn ar rochtain ar ardoideachas a éascú. Comhlíonfaimid na riachtanais rialachais ar fad freisin agus fanfaimid cothrom ó thaobh airgeadais de.

## Córais faisnéise bunaithe ar fhianaise a fheabhsú chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht

Forbróimid ár bhfoghlaim inmheánach agus spreagfaimid baill foirne chun smaointe nua a chur in iúl. Éascóidh an Institiúid cultúr a bhaineann le rioscaí a bhainistiú, le tástáil phíolótach agus le 'teip go tapa, teip go minic'. Beidh anailís ar shonraí agus tuairisciú sonraí níos coitianta i gcinnteoireacht agus maidir le bonn eolais a chur faoi leithdháileadh acmhainní agus le bheith mar bhonn agus mar thaca aige.

## Próisis chumarsáide laistigh den institiúid a fheabhsú

Forbróidh an Institiúid meicníocht inmheánach chumarsáide chun eolas agus comhairliúchán cuí idir bainistíocht, foireann agus mic léinn a chinntiú, agus cinnteoidh sí go mbainistítear coistí agus fóraim go héifeachtach. Scaipfear an Plean Straitéiseach i limistéir phoiblí ar fud na hInstitiúide.

> **"Beidh anailís ar shonraí agus tuairisciú sonraí níos coitianta i gcinnteoireacht."**

# Is achoimre ar Phlean Straitéiseach IT, Sligeach 2017 › 2022 í an cháipéis seo. Tá an cháipéis ar fad ar fáil ag:

**itsligo.ie/publications**





# Is in aislingí a thosaíonn freagracht.

**- WB Yeats**

IT Sligo
An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach

**An Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach**
**Lána na Fuinseoige, Sligeach, F91 YW50, Éire**

**T:** +353 (0)71 93 05222
**F:** +353 (0)71 91 60475
**R:** info@itsligo.ie
**G:** itsligo.ie

deartha ag CATALYSTO

Ireland's European Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union